# Vota 5 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 le haghaidh thurastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus pearsanra atá oilte go cuí á úsáid acu.

**Gerard Smyth**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Márta 2012

# DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

D'iniúch Tommy Doherty ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, Cuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair 2011 thar mo cheann. Ar bhonn a iniúchóireachta agus a thuarascála, is é mo thuairim go gcuireann an cuntas fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair mar is ceart.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meitheamh 2012

# TUAIRIM DON ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE DE RÉIR ALT 13 D'ACHT AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (LEASÚ), 1993

Mar an t-iniúchóir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúchóireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Freagrachtaí an oifigigh chuntasaíochta agus an iniúchóra faoi seach**

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act* 1866, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithghabhála a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithghabhála.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithghabhála a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim duit maidir le cibé an dtugann an Cuntas Leithghabhála léargas fíorcheart. Tuairiscím duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithghabhála na hOifige leis na leabhair chuntais.

**An Bunús atá le mo Thuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithghabhála, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na Cuntais Leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna Cuntais Leithghabhála san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair go cuí i gCuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithghabhála ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Tommy Doherty**
I gcomhair agus thar ceann Mazars
Chartered Accountants and Registered Auditors
Block 3
Harcourt Centre
Dublin 2
7 Meitheamh 2012

# Vota 5 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Cuntas Leithreasa 2011

| **Seirbhís** | | **2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **2011 Torradh** | **2010 Torradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A. | Iniúchadh agus Tuairisciú | 12,910 | 11,487 | 10,843 |
| | **Olliomlán** | **12,910** | **11,487** | **10,843** |
| | **Bain de :** | | | |
| B. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **6,066** | **7,171** | **5,780** |
| | **Glaniomlán** | **6,844** | **4,316** | **5,063** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€2,528,030** | **€1,752,511** |

| **Riarachán** | | **2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **2011 Torradh** | **2010 Torradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| (i) | Tuarastail, pá agus liúntais | 9,983 | 9,407 | 8,869 |
| (ii) | Taisteal agus cothú | 576 | 469 | 454 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 358 | 297 | 228 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 150 | 150 | 166 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 413 | 410 | 361 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 260 | 233 | 257 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 700 | 103 | 67 |
| (viii) | Táillí dlí | 50 | 12 | 14 |
| (ix) | Seirbhísí iniúchta Conartha | 420 | 406 | 427 |
| | | **12,910** | **11,487** | **10,843** |

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá | | | 9,407 | 8,869 |
| Caiteachas eile | | | 2,080 | 1,974 |
| **Ollchaiteachas** | | | 11,487 | 10,843 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 7,171 | 5,780 |
| **Glanchaiteachas** | | | 4,316 | 5,063 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (200) | | |
| Dímheas | | 172 | | |
| Díluacháil ar Shócmhainní Seasta | | 102 | 74 | 58 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | — | — |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | 65 | | |
| Laghdú ar stoc | | 10 | | |
| | | | 75 | 314 |
| **Caiteachas díreach** | | | 4,465 | 5,435 |
| | | | | |
| **Gluaiseacht in obair idir lámha** | | | 477 | (364) |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 3,018 | 2,817 |
| Measchíosanna | | | 203 | 304 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | **8,163** | **8,192** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a iompraíodh in áiteanna eile.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,885 | 1,737 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 652 | 612 |
| | An Lárchiste - Tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus pinsin maidir le hiarshealbhóirí na hOifige | 467 | 468 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh-Bhronn siad ríomhairí glúine ar an Oifig nach raibh gá leo níos mó tar éis deireadh oibre allamuigh de chuid Dhaonáireamh 2011. | 14 | — |
| | | **3,018** | **2,817** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 425 | 485 |
| **Obair idir Lámha** | 2.2 | 611 | 1,088 |
| | | **1,036** | **1,573** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 29 | 39 |
| Speansais réamhíoctha | | 85 | 100 |
| Féichiúnaithe maidir le taíllí iniúchóireachta | | 726 | 512 |
| Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchóireachta | 2.5 | 297 | 569 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 155 | 136 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 209 | 775 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,501** | **2,131** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 40 | 587 |
| Costais fhabhraithe | | 39 | 47 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 324 | 324 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **403** | **958** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,098** | **1,173** |
| **Glansócmhainní** | | **2,134** | **2,746** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **2,134** | **2,746** |

## 2.1 Ráiteas faoi Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 1,790 | 848 | 2,638 |
| Díluacháil ar Shócmhainní Seasta [1] | — | (505) | (505) |
| Aistrithe | 17 | — | 17 |
| Breiseanna | 198 | 2 | 200 |
| Diúscairtí | (162) | (2) | (164) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 1,843 | 343 | 2,186 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 1,556 | 597 | 2,153 |
| Dímheas ar dhíluacháil na Sócmhainní Seasta [1] | — | (403) | (403) |
| Dímheas ar aisthrithe | 3 | — | 3 |
| Dímheas don bhliain | 142 | 30 | 172 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (162) | (2) | (164) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 1,539 | 222 | 1,761 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **304** | **121** | **425** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **234** | **251** | **485** |

[1] D'aithin athbhreithniú ar na sócmhainní seasta i rith na bliana sócmhainní a diúscraíodh, ach nár baineadh ón gclár agus sócmhainní a chosain níos lú ná an tairseach caipitlithe agus nár cheart a bheith caipitlithe. Bhí costas bunaidh €504,343 ar na sócmhainní seo, chomh maith le dímheas carntha €402,146. Scríobhadh an glanluach leabhar €102,197 as an Ráiteas Costas Oibriúcháin.

## 2.2 Obair idir Lámha

Is mar seo a leanas a dhéantar luach na hoibre atá idir lámha amach de réir stadas an iniúchta agus na táille iniúchóireachta faoi mar a comhaontaíodh:

| Stádas an Iniúchta | Céatadán den Táille Iniúchóireachta arna áireamh in Obair idir Lámha | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Imréitithe chun Deimhnithe | 90% | 188 | 324 |
| Ag Staid Athbhreithniú an Iniúchta | 75% | 66 | 181 |
| Obair Allamuigh Tugtha chun | 60% | 47 | 342 |
| Iniúchadh Deiridh ar Siúl | 30% | 5 | 15 |
| Iniúchadh Eatramhach Tugtha chun Chríche | 15% | 154 | 79 |
| Iniúchadh Eatramhach ar Siúl | 10% | 151 | 147 |
| | | 611 | 1,088 |

Nóta: Ní dhéanann Obair idir Lámha ach luach a shannadh d'obair a chuirtear i gcrích ar iniúchtaí a ndéantar táille a ghearradh lena n-aghaidh.

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (40) | (587) |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | — |
| | (40) | (587) |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 21 | 20 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisneíse srl. | 8 | 19 |
| | 29 | 39 |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe ó Tháillí Iniúchóireachta

Léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchóireachta obair iniúchóireachta atá curtha i gcrích ach nach raibh sonrasc lena haghaidh réitithe ag deireadh na bliana.

## 2.6 Iarmhéideanna eile dochair

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachais taistil a forchúitíodh | 5 | 5 |
| Suim fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil | 55 | 51 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí | 86 | 80 |
| Airleacain don OOP | 9 | — |
| | 155 | 136 |

## 2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 118 | 100 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 66 | 83 |
| Tobhach ar Ioncam | 40 | 13 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 24 | 46 |
| Cáin Bhreisluacha | 11 | 11 |
| Ranníocaíochtaí Pinsean | 24 | 27 |
| | 283 | 280 |
| Dlite on OOP | — | 4 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 41 | 39 |
| Iarmhéideanna sochair ar fionraí | — | 1 |
| | 324 | 324 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,528 | 1,752 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,737) | (2,527) |
| Glandliteanas don Státchiste | (209) | (775) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 155 | 132 |
| | 155 | 132 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (283) | (280) |
| Iarmhéideanna sochair ar fionraí | (41) | (40) |
| Banc agus Airgead Tirim | (40) | (587) |
| | (364) | (907) |
| | (209) | (775) |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí[1] | 1 | 241 |

[1] B'ionann ceangaltais chonraithe ar 31ú Nollaig 2010 agus €240,768, ar bhain €217,651 de le conarthaí a bhí déanta ag an Oifig le comhlachtaí cuntasaíochta chun seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar. Ní raibh conarthaí comhchosúla i bhfeidhm ag deireadh 2011

## 3 Caiteachas Cláir

| | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| **A - Iniúchadh agus Tuairisciú** | | | |
| A.1. Riarachán - pá | 9,983 | 9,407 | 8,869 |
| A.2. Riarachán - caiteachas eile | 2,927 | 2,080 | 1,974 |
| Iomlán | **12,910** | **11,487** | **10,843** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% (25% i gcás fo-cheannteidil riaracháin).

| Fotheidil | Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2 | 847 | Rinneadh soláthar €500,000 do chomhairleoireacht a bhain leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). Ní raibh gá le comhairleoireacht ar an scála céanna is a bhí beartaithe ar dtús agus níor úsáideadh ach €80,000. Tá an coigilteas léirithe chomh maith in ísliú iarmhartach ar ioncam táillí i Leithreasaí i gCabhair. Bhí coigilteas €177,000 i gceist chomh maith ó thaobh comhairleoireachta ginearálta de, mar bhí níos lú ionchuir ag teastáil ó shaineolaithe seachtracha sna scrúduithe a rinneadh i rith na bliana ná mar a measadh ar dtús. Rinneadh coigilteas ar luach €107,000 i dtaca le cúrsaí taistil oifigiúil freisin ós rud é gur tugadh faoi níos lú taistil ná mar a bhíothas ag dréim leis. |

## 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltas ó tháillí | 5,450 | 6,570 | 5,196 |
| 2. Fáltais ón asbhaint ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí maidir le pinsin | 616 | 601 | 584 |
| **Iomlán** | 6,066 | 7,171 | 5,780 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1 | (1,120) | Mar a míníodh i Nóta 3, níor tabhaíodh €420,000 de na costais seo, rud ba chúis le hísliú iarmhartach ar tháillí. In ainneoin seo, sáraíodh an sprioc táillí iniúchóireachta toisc ard-deimhniú eisceachtúil riaráistí iniúchóireachta. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 146 | 150 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 8,738 | 8,297 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 57 | 26 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 611 | 545 |
| **Pá iomlán** | **9,407** | **8,869** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 6 | 1 | 10,395 | 10,395 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 1 | — | 233 | — |

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Mar chuid dá struchtúr pá, fuair Iniúchóirí faoi Oiliúint luach saothair breise € 47,520 (€27,084 in 2010) san iomlán, tar éis dóibh a gcáilíocht mar chuntasóirí a bhaint amach agus na dualgais a ghabhann le grád an Iniúchóra a ghlacadh orthu féin, áirítear é sin san fhigiúr maidir le pá thuas.

## 6 Ilgnéitheach

**6.1** Ba é € 6,000 (€ 6,510 in 2010) suim chostais an Choiste Iniúchóireachta.

**6.2** Athshonraíodh figiúirí áirithe maidir le 2010 chun comhsheasmhacht maidir leis an gcur i láthair i gcomhréir le cuntas 2011 a chinntiú. Níl aon éifeacht ar thoradh 2010.